I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) Uimh. 529/2012 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Meitheamh 2012

lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1342/2007 ón gComhairle maidir le srianta áirithe ar allmhairí táirgí áirithe cruach ó Chónaidhm na Rúise a riar

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([1]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Maidir leis an gComhaontú um chomhpháirtíocht agus comhar lena mbunaítear comhpháirtíocht idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na Rúise, den pháirt eile ([2]) ("CCC"), tháinig sé i bhfeidhm an 1 Nollaig 1997.

(2) Foráiltear le hAirteagal 21(1) de CCC go bhfuiltear chun an trádáil i dtáirgí áirithe cruach a rialáil le Teideal III de CCC, cé is moite d'Airteagal 15 de, agus le forálacha comhaontaithe ar shocruithe cainníochtúla.

(3) An 26 Deireadh Fómhair 2007, thug an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Chónaidhm na Rúise Comhaontú den sórt sin maidir le trádáil i dtáirgí áirithe cruach ([3]) ("an Comhaontú") i gcrích.

(4) An 22 Deireadh Fómhair 2007, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 1342/2007 ([4]) chun an Comhaontú a chur chun feidhme.

(5) Sa Chomhaontú leagtar síos gurb amhlaidh, i gcás ina n-aontaíonn Cónaidhm na Rúise don Eagraíocht Dhomhanda Trádála roimh dhul in éag don Chomhaontú, go ndéanfar an Comhaontú a fhoirceannadh agus, dá thoradh sin, go ndíothófar na teorainneacha cainníochtúla amhail ó dháta an aontachais.

(6) An dáta a n-aontóidh Cónaidhm na Rúise don Eagraíocht Dhomhanda Trádála, ní bheidh gá a thuilleadh leis an Rialachán chun an Comhaontú a chur chun feidhme. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1342/2007 a aisghairm le héifeacht ón dáta sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Aisghairtear leis seo Rialachán (CE) Uimh. 1342/2007.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Bealtaine 2012 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 30 Bealtaine 2012.
([2]) IO L 327, 28.11.1997, lch. 3.
([3]) IO L 300, 17.11.2007, lch. 52.
([4]) IO L 300, 17.11.2007, lch. 1.

Beidh feidhm aige ar an dáta a n-aontaíonn Cónaidhm na Rúise don Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Foilseoidh an Coimisiún fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i ndáil leis sin, lena gcuirfear an dáta sin in iúl.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile is go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 13 Meitheamh 2012.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
M. SCHULZ	N. WAMMEN